

CÉN FÁTH A nDÉANTAR MO CHUID SONRAÍ PEARSANTA A THARCHUR CHUIG EURODAC?

Cineál A

IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA



CÉN FÁTH A BHFUIL AN BRÓISIÚR SEO Á FHÁIL AGAM?

Tá iarratas déanta agat ar chosaint idirnáisiúnta, ar a dtugtar tearmann freisin, sa tír seo.

Tá tuilleadh eolais sa bhróisiúr seo faoi na sonraí a stórálfaidh na húdaráis agus faoi cá fhad a stórálfar iad.

CÉN FÁTH A gCAITHFIDH MÉ MO MHÉARLOIRG AGUS MO GHRIANGHRAF A THABHAIRT?

Tógfaidh na húdaráis sa tír seo do mhéarloirg agus do ghrianghraf.

Tarchuirfear na sonraí sin, mar aon le faisnéis faoi do chéannacht agus faisnéis ábhartha eile, chuig bunachar sonraí Eurodac.

Le Eurodac, nasctar catagóirí áirithe daoine nach náisiúnaigh de thír AE+ iad lena sraith uathúil méarlorg agus grianghraf.

Tá an bunachar sonraí seo in úsáid ag 31 tír AE+ ar féidir leo do shonraí a phróiseáil chun do chuid faisnéise a aisghabháil. Tá na tíortha AE+ liostaithe ag deireadh an bhróisiúir seo.



CAD É AN RIALACHÁN MAIDIR LE BAINISTIÚ TEARMAINN AGUS IMIRCE?



Tháinig tíortha AE+ ar chomhaontú maidir le dlí coiteann ar a dtugtar an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce a chuidíonn lena chinneadh cén tír ar gá di scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Leis an dlí seo ceadaítear do thíortha AE+ cuidiú le chéile freisin má fhaigheann tír amháin an iomarca iarratas ag an am céanna.

Ráthaítear duit go scrúdóidh ceann de thíortha AE+ d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach nach féidir leat a roghnú cén tír AE+ a bheidh freagrach. Is le rialacha an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce a chinnfear an tír a scrúdóidh d'iarratas.

Má aistríonn tú chuig tír AE+ eile gan chead agus má thógtar do mhéarloirg arís, feicfidh údaráis na tíre sin do chuid sonraí go léir atá stóráilte in Eurodac.

Tá tú anois in Éirinn ar tír AE+ í.

Is iad seo a leanas na tíortha AE+:



27 Ballstát den Aontas Eorpach (AE); an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na hÉireann, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus



ceithre thír eile: an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis.

CÉN FHAISNÉIS A STÓRÁILTEAR IN EURODAC?



Stóráiltear an fhaisnéis seo a leanas i gcónaí:

- do mhéarloirg
 - grianghraf de d'aghaidh
 - na hainmneacha uile a úsáideann tú anois nó a d'úsáid tú roimhe seo
 - do dháta breithe
 - d'áit bhreithe
- do náisiúntacht nó do náisiúntachtaí
 - do ghnéas
 - cóipeanna de dhoiciméid chéannachta nó taistil a d'úsáid tú, má tá siad ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoina mbarántúlacht
 - aitheantas úsáideora an oifigigh a thóg do mhéarloirg agus do ghrianghraf agus na dátaí ar tógadh agus ar tarchuireadh do shonraí
 - an tír ina ndearna tú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta
 - dáta an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

Féadfar an fhaisnéis seo a leanas a stóráil in Eurodac freisin i gcás inar gá:

- an tír atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar d'iarratas
- má athshocraítear thú, tír AE+ an athshocraithe
- má diúltaíodh d'iarratas agus mura bhfuil sé de cheart agat fanacht i dtíortha AE+
- má breithníodh d'iarratas faoin nós imeachta teorann agus má diúltaíodh é nó má measadh d'iarratas a bheith tarraingthe siar
- faisnéis faoi víosaí ar bith a d'eisigh tír AE+ chugat
- faisnéis faoi am ar bith a d'fhág tú réigiún thíortha AE+
- faisnéis faoi cé acu a ghlac nó nár ghlac tú le tairiscint filleadh go deonach ar do thírdhúchais.

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar fhaisnéis mhícheart atá stóráilte in Eurodac agus í a leasú agus a iarraidh go scriosfar do chuid faisnéise má láimhseáladh go neamhdhleathach í. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí chun é sin a dhéanamh. Tá sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí le fáil sa bhróisiúr dar teideal **'An méid is gá a bheith ar an eolas agat faoi Eurodac'**.

➤ CÁ FHAD A STÓRÁLFAR MO CHUID SONRAÍ IN EURODAC?



Stórálfar do chuid faisnéise ar feadh 10 mbliana agus scriosfar go huathoibríoch ansin iad.

Má fhaigheann tú saoránacht i dtír AE+ roimh dhul in éag na tréimhse sin, scriosfar do shonraí. Má scriostar do shonraí, ní dhéanfaidh sé sin difear do do stádas sa tír ina bhfuair tú saoránacht.

➤ AN BHFUIL AON FHAISNÉIS EILE STÓRÁILTE IN EURODAC?

Stórálfar toradh do sheiceála slándála má fuair na húdaráis amach go bhféadfá:

- arm a bheith i do sheilbh agat
- a bheith foréigneach
- baint a bheith agat le cionta sceimhlitheoireachta
- bheith tar éis coir thromchúiseach a dhéanamh a bhféadfaí tú a ghabháil ina leith i dtír eile AE+.

I gcásanna den sórt sin, measfar go bhféadfá a bheith i do bhagairt ar an tslándáil inmheánach. Stórálfar é sin in Eurodac in éineacht leis an gcúis nó na cúiseanna is infheidhme a shonraítear thuas.

Má mheasann tíortha AE+ nach bagairt ar an tslándáil inmheánach thú a thuilleadh, scriosfar an fhaisnéis sin.

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar fhaisnéis mhícheart atá stóráilte in Eurodac agus í a leasú agus a iarraidh go scriosfar do chuid faisnéise má láimhseáladh go neamhdhleathach í. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí chun é sin a dhéanamh. Tá sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí le fáil sa bhróisiúr dar teideal '**An méid is gá a bheith ar an eolas agat faoi Eurodac**'.



Is chun críocha faisnéise amháin an nóta seo. Ní chruthaíonn sé cearta ná oibleagáidí ann féin. Níl EUAA ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a fhéadfar a bhaint as an bhfaisnéis atá le fáil sa bhróisiúr nóta seo.

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, 2025